COMHAIRLIÚCHÁN AR MHÉADUITHE A MOLADH AR RANNÍOCAÍOCHTAÍ DO BHAILL SCÉIM PHINSIN MHÚINTEOIRÍ TÉ (NITPS)

1. Intreoir

Is comhairliúchán de chuid na Roinne Oideachais é seo ar mholtaí do mhéaduithe féideartha sa leibhéal ranníocaíochtaí a chaithfidh baill scéime a dhéanamh ar Scéim Phinsin Mhúinteoirí TÉ.

Ní iarrtar barúlacha sa chomhairliúchán seo ar rátaí ranníocaíochta i 2013-14 agus 2014-15 nó beidh siad seo faoi réir ag plé eile. Agus ní thugann sé aghaidh ar leasuithe níos fadtéarmaí le hábhar agus rialú scéimeanna pinsin na hearnála poiblí a athdhearadh, a bhfuil rún ag an Chomhrialtas a bhfeidhmiú ó Aibreán 2015 amach. Baineann an comhairliúchán seo le méaduithe atáthar a mholadh ar rátaí ranníocaíochta i 2012-13 amháin.

Mairfidh an comhairliúchán seo 12 seachtain, ó 31 Deireadh Fómhair 2011 go 23 Eanáir 2012. Iarrann an Roinn barúlacha ar na moltaí sa cháipéis seo agus ar na ceisteanna a chuirtear inti. Pléifidh an Roinn na moltaí a gcuirtear síos orthu sa cháipéis seo le baill den Choiste Chomhairleach ar Aoisliúntas Múinteoirí (TSCC) – an fóram a bunaíodh chun comhairliúcháin ar ábhair a bhaineann leis an NITPS, ar a n-áirítear ceardchumainn agus ionadaithe fostóirí ó earnálacha na scoileanna agus an oideachais bhreise.

Mar chuid den bheartas comhairliúcháin seo, tá an Roinn ag foilsiú dréachtrialúcháin leasaithe a dhéanfaidh na hathruithe ar na Rialúcháin um Aoisliúntas Múinteoirí (TÉ) a theastaíonn leis na ranníocaíochtaí méadaithe ball atáthar a mholadh, a fheidhmiú ó Aibreán 2012 amach. Tá siad seo faoi iamh in Iarscríbhinn B.

Moltar dhá mhodh fhéideartha d'fhostóirí leis an ráta cuí ranníocaíochta a ríomh sa cháipéis chomhairliúcháin. Taispeánann na dréachtrialúcháin mar a d'fheidhmeofaí Rogha 1 ach ní dhearnadh aon chinneadh agus déanfaidh an Roinn anailís ar fhreagraí ar an chomhairliúchán sula ndéana siad an cinneadh. Más é an toradh a bhíonn ar an chomhairliúchán go moltar leasuithe suntasacha ar na dréachtrialúcháin, atheiseoidh an Roinn iad ag iarraidh barúlacha.

Tá an Roinn i ndiaidh tabhairt faoi Scagadh ar an Pholasaí Comhionannais agus Cearta Daonna agus cinneadh a dhéanamh gan measúnú ar thionchar comhionannas a dhéanamh. Tá cóip den cháipéis scagtha faoi iamh in Iarscríbhinn C.

2. Cúlra

Ar 19 Iúl 2011, leag Príomhrúnaí an Státchiste (CST) na prionsabail a d'fheidhmeodh maidir le méaduithe ar ranníocaíochtaí do bhaill scéimeanna pinsin neamh-mhaoinithe sa tseirbhís phoiblí.

Tá sé ag éirí níos dúshlánaí pinsin ar chaighdeán maith a sholáthar agus ionchas saoil ag méadú leis. Bhunaigh an Comhrialtas An Coiste Neamhspleách um Phinsin sa tSeirbhís Phoiblí (IPSPC) a raibh Tiarna Hutton Furness mar chathaoirleach air le moltaí a dhéanamh ar an dóigh leis na pinsin sin a dhéanamh inbhuanaithe agus inacmhainne, agus a bheith cothrom ó thaobh an fhórsa oibre agus an cháiníocóra.

Gheall an Comhrialtas:

- scéim sochair shainmhínithe a choinneáil;
- cearta fabhraithe a chosaint sa dóigh is go gcosnófar na sochair atá tuillte ag baill a fhad le ham an athraithe; agus
- lena chinntiú go mbeidh an pinsean a fhaigheann daoine aonaracha ag an ghnáthaois phinsin, do lucht meán- agus ísealioncaim, a oibríonn ar feadh a saoil, lán chomh fairising agus atá sé anois faoin scéim reatha.

Mar chuid den athbhreithniú, iarradh ar an IPSPC, tuairisc eatramach a sholáthar faoi dheireadh Mheán Fómhair 2010. Luaigh na téarmaí tagartha; "Ba cheart go ndéanfaí machnamh ann seo ar an chás le coigiltí a sheachadadh ar phinsin na seirbhíse poiblí taobh istigh den tréimhse athbhreithnithe ar chaiteachas – a bheadh ag teacht le tiomantas an Rialtais le lucht ísealioncaim a chosaint – le cuidiú le laghdú a chur ar an easnamh struchtúrtha.

I dtuairisc eatramhach an 7 Deireadh Fómhair, mhol Tiarna Hutton gur cúiseanna láidre iad fad saoil sínithe agus an míchothrom idir ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra le hathruithe gearrthéarmacha a dhéanamh ar ranníocaíochtaí pinsin go dtí go ndéantar athdhearadh bunúsach ar na scéimeanna.

Luaigh Tuairisc Eatramhach IPSPC:

Tá réasúnaíocht ann le méadú a chur ar ranníocaíochtaí ball le roinnt níos cothroime costas idir cáiníocóirí agus baill a chinntiú.

Is ceist é don Rialtas cinneadh a dhéanamh faoin mhodh agus faoi leibhéal aon mhéadaithe i ranníocaíochtaí atá riachtanach.

Más mian leis an Rialtas coigiltí a dhéanamh sa ghearrthéarma is éifeachtaí i bhfad ranníocaíochtaí ball a mhéadú in áit an struchtúr sochar a athrú.

Is faoin Rialtas atá sé cinneadh a dhéanamh faoi athruithe ar struchtúir agus leibhéal ranníocaíochtaí fostaí. Ó tharla go bhfuil éagsúlacht mhór idir leibhéil éifeachtacha struchtúir sna scéimeanna difriúla, go háirithe idir scéimeanna réamhleasaithe agus iarleasaithe, d'fhéadfaí athruithe a dhéanamh ar ranníocaíochtaí fostaí le seo a léiriú. Mar sin féin, is de bharr, go pointe, comhráití stairiúla faoi phinsin agus phá, gur ann do na difríochtaí seo.

Leagtar amach i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin gur cheart go mbeadh aon chás ar sheachadadh coigiltí ag teacht le tiomantas an Rialtais le lucht ísealioncaim a chosaint. Tá sé seo tábhachtach mar cheist chothroime ach fosta mar gheall ar dhá fhachtóir thábhachtacha:

- *is réasúnta glacadh leis gur dóichí go n-imeoidh oibrithe ar ísealioncam ó scéim phinsin ná oibrithe ar phá níos airde má bhíonn siad ag tabhairt aghaidhe ar an mhéadú chéanna ar ranníocaíochtaí pinsin mar chuid dá dtuarastal. Níl sé seo le leas aon duine, nó d'fhéadfadh na daoine seo críochnú suas le hioncam neamhdhóthanach scoir agus thiocfadh dó go dtitfeadh siad isteach i sochair de réir tástála acmhainne níos faide anon ina saol. Chaillfeadh an Rialtas airgead sa ghearrthéarma nó ní bheadh na daoine seo ag íoc aon ranníocaíocht leis an scéim; agus*

- *thaispeáin an Coimisiún i scéimeanna tuarastail dheiridh, atá ceannard i bpinsin na seirbhíse poiblí inniu féin, go mdéanfaidh siad siúd ar ardioncam níos fearr as na scéimeanna. Maireann daoine a bhfuil pinsin níos airde acu níos faide agus baineann sochar as pinsin ar feadh tréimhse níos faide. Maíonn sé seo go mb'fhéidir go bhfuil cás ann le méaduithe ranníocaíochta a dhíriú ar lucht ardioncaim, nó le leibhéil chéimithe ranníocaíochta a thabhairt isteach; go díreach mar atá ranníocaíochtaí ball céimithe sa rialtas áitiúil agus i scéimeanna an NHS.*

Le leibhéal an imeachta ar fad a laghdú, ba cheart don Rialtas tabhairt faoi chéimniú maidir le haon mhéadú ar ranníocaíochtaí, go háirithe i gcomhthéacs an reo pá reatha. Cé go mb'fhéidir go mbeadh an chuma air seo go laghdódh sé coigiltí sna chéad chúpla bliain, má íslíonn sé leibhéil imeachta thiocfadh don chéimniú seo ioncam breise a uasmhéadú ó ranníocaíochtaí ball ag gach liebhéal ioncaim. Sa mhullach air sin, ní chreideann an Coimisiún gur cheart ranníocaíochtaí ball a thabhairt isteach do na fórsaí armtha ag an am seo.

Ciallaíonn na saincheisteanna faoi chothroime, inbhuanaitheacht, chur chun cinn táirgiúlachta agus an díth atá le soiléireacht agus simplíocht go gcaithfear machnamh a dhéanamh ar leasú fadtéarmach, struchtúrtha ar phinsin na seirbhíse poiblí. Mar sin féin, glacfaidh an leasú sin tamall. Fad saoil méadaithe, an t-éagcothrom idir ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí agus go mbeadh ranníocaíochtaí iomlána ró-íseal dá mbeadh an ráta lascaine ró-ard, maíonn siad go bhfuil cás le hathruithe gearrthréimhseacha a dhéanamh agus fanacht le leasú fadtéarmach.

Rinne an Coimisiún a machnamh ar réimse roghanna a dtiocfadh leo coigiltí gearrthréimhseacha a sholáthar go háirithe:

- *Struchtúr na sochar a athrú*
- *Crapadh scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí sa Dara Pinsin Stáit; agus*
- *Rátaí ranníocaíochta a ardú.*

Ina measc siúd, is é an bealach is éifeachtaí le coigiltí gearrthréimhseacha a dhéanamh ná ranníocaíocht ball a mhéadú agus tá réasúnaíocht shoileir leis sin fosta.

Ceist é don Rialtas socrú ar an mhodh agus ar an leibhéal a bhainfeadh le haon mhéadú sa ranníocaíocht. Mar sin féin, mothaíonn an Coimisiún gur cheart aon mhéadú a bhainsitiú le lucht ísealionxcaim a chosaint agus más féidir, ba cheart céimniú a chur ar aon ranníocaíochtaí agus machnamh a dhéanamh orthu le súil is go seachnófaí méadú suntasach i rátaí imeachta. Ní mholann an Coimisiún rátaí ranníocaíochtaí a thabhairt isteach do na fórsaí armtha ag an am seo.

D'fhógair an Comhrialtas in Athbhreithniú ar Chaiteachas i 2012 gur ghlac said le fionnachtana Thuairisc Eatramhach an IPSPC ar phinsin na seirbhíse poiblí agus go lorgódh siad mar sin athruithe forásacha ar leibhéal ranníocaíochtaí fostaithe.

Is iad na coigiltí iomlána sa bhliain ná £2.8 billiún ar fud scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí faoi 2014-15. Is ionann na hathruithe seo agus 3.2 faoin chéad de mhéadú sa ranníocaíocht do bhaill scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí. Is dócha gur tuairim's ar £140m sa bhliain a bheidh i gcuid TÉ de seo. Bhí na coigiltí seo le tabhairt isteach de réir a chéile thar na trí bliana ó Aibreán 2012 amach, ar bhunús 40%:80%:100%.

Faoi na socruithe 'uasteorannaigh agus roinn', bhíothas ag súil go ndéanfaí coigiltí ar fud na seirbhíse poiblí de £1 billiún. Chuidigh na socruithe 'uasteorannaigh agus roinn' le roinnt costais mhéadaithe ranníocaíochta ar fhostóirí agus fostaithe ach soláthraíonn siad teorainn (.i. caidhp) ar leibhéal ranníocaíochta an fhostóra. Tá an Comhrialtas anois den tuairim go dteastaíonn coigiltí de £1.2 billiún a gheofar trí mhéaduithe ranníocaíochta i 2012-13.

Shoiléirigh ráiteas an Athbhreithnithe ar Chaiteachas go bhfuil an Comhrialtas i mbroid ag iarraidh na méaduithe ranníocaíochta a phlé le ceardchuaminn agus le hionadaithe fostóirí, agus luaigh a dhearcadh gur choir méaduithe a fhedihmiú ar dhóigh:

1. A chosnaíonn lucht ísealioncaim
2. Atá forásach – sa chaoi is go n-íocann siad siúd a thuilleann níos mó níos mó
3. A theorannaíonn an bhaol mhéaduithe sa ráta imeachta ó scéimeanna.

D'fhógair an CST ina ráiteas ar 19 Iúl 2011, nach mbainfeadh comhráití ar mholtaí do mhéaduithe ar ranníocaíochtaí ball ach le seachadadh coigiltí a theastaíonn i 2012-13 (.i. 40% den mhéadú 3.2 pointe céatadaín). Luadh arís eile i ráiteas an CST rún an Rialtais Chomhghuaillíochta lucht ísealioncaim a chosaint agus leag amach moladh an Rialatais Chomhghuaillíochta:

- Ní fheicfidh duine ar bith atá ag saothrú níos lú ná £15, 000 sa bhliain coibhéis lánaimseartha (FTE) aon mhéadú, agus
- Feicfidh siad siúd a shaothraíonn idir £15,000 agus £21, 000 sa bhliain FTE méadú comhlán de 1.5 pointe céatadáin ar a mhéad faoi 2014-15 (is ionann seo agus méadú de 0.6 pointe céatadáin i 2012-13 pro rata).

Mhol sé fosta nach bhfeicfidh aon duine méadú comhlán de níos mó ná 6 pointe céatadáin faoi 2014-15 (is ionann seo agus teorainn de 2.4 pointe céatadáin i 2012-13 ar bhunús pro-rata)

Tá an Comhrialtas go fóill tiomanta do shlánú na gcoigiltí iomlána a fógraíodh san athbhreithniú ar chaiteachas agus tá said den tuairim go dtabhrfar tuilleadh moltaí chun tosaigh do 2013-14 agus 2014-15 I ndiaidh comhráití ag baint le scéimeanna amháin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh mionsonraí faoi ráiteas an CST ag http://www.hm-treasury.gov.uk/press_83_11.htm

3. Moltaí do Scéim Phinsin Mhúinteoirí TÉ

Tá Coiste an Státchiste i ndiaidh a dhearbhú muna dtugtar isteach na méaduithe sonraithe ar rátaí ranníocaíochta fostaí, go laghdófar blocdheontas TÉ ar a chomhéid maidir le costais scéimeanna pinsin a ghlanann an Státchiste ó bhuiséid chaiteachais a ndéantar bainistiú bliantúil orthu. Faoin aeráid reatha airgeadais, bheadh tionchar ag a leithéid de laghdú gan dabht ar sheirbhísí túslíne ar fud na hearnála poiblí.

Mar sin de, ní raibh de rogha ag an Fheidhmeannas ach bheith tiomanta do phrionsabal cur I bhfeidhm méaduithe I ranníocaíochtaí pinsin fostaí do scéimeanna chúram sláinte agus sóisialta, na státseirbhíse, múinteoirí, na seirbhíse póilíneachta agus na bhfear dóiteáin. Ar an ábhar sin, d'aontaigh Feidhmeannas TÉ ar an 22 Meán Fómhair:

1. bheith tiomanta do phrionsabal seachadta leibhéil aimsithe coigiltí i dtaca le costas scéimeanna pinsin na hearnála poiblí i dTuaisceart Éireann, faoi réir na mionsonraí a bhaineann leis an dóigh leis na coigiltí seo a dhéanamh agus a n-oibreofar tríothu thar am;

2. an cur chuige seo a tharraingt chuige féin go seasmhach do gach ceann de na scéimeanna pinsin éagsúla de chuid na hearnála poiblí

3. dul i ngleic le ceardchumainn a údarú le plé a dhéanamh ar chur chuige grádaithe a chosnaíonn lucht ísealioncaim san earnáil phoiblí.

Leagann an comhairlúchán seo amach moltaí na Roinne maidir le seachadadh coigiltí 2012-13 don NTIPS ar dhóigh a chosnaíonn lucht ísealioncaim san earnáil phoiblí agus a theorannaíonn an riosca méadaithe sa ráta imeachtaí ón Scéim.

Tá an Roinn ag moladh go dtabharfaí isteach córas ranníochtaí céimnithe i 2012-13, bunaithe orthu sin a mhol an Roinn Oideachais ina chomhairliúchán a eisíodh ar an 28 Iúl 2011 do bhaill Scéim Phinsin Múinteoirí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.

D'oibrigh an Roinn go dlúth le scéimeanna eile san earnáil phoiblí agus na moltaí á bhforbairt. Rinne muid ár machnamh ar an tioncghar a bheadh le méaduithe ranníocaíochta ar rannóga éagsúla den bhallraíocht agus chuardaigh muid cinntiú go léireodh an dearadh na méaduithe cúinsí ar leith a bhaineann le ballraíocht den NITPS

Tá na méaduithe ranníocaíochta a moladh ag léiriú thiomantas an Fheidhmeannais do chur chuige grádaithe a chosnaíonn lucht ísealioncaim san earnáil phoiblí. Tá siad deartha sa chaoi is go spreagfar rannpháirtíocht den scoth sa scéim trína chinntiú go n-íocfaidh siad siúd is mó a thuilleann an méadú pointí céatadáin is airde.

D'fháilteodh an Roinn roimh bharúlacha faoi na moltaí do chosaint an lucht ísealioncaim agus uasmhéadú ar ardshaothróirí. D'fháileoirmis fosta roimh bharúlacha faoi na moltaí do chlúdach cosanta breise os a chionn sin a d'fhógair an CST, líon na leibhéal agus na réimsí tuarastail idir na leibhéil.

Is é 6.4% den tuarastal an ráta ranníocaíochta reatha baill. Is iad na rátaí ranníocaíochtaí atáthar a mholadh do 2012-13, a bhfuil an Roinn ag tabhairt faoi comhairlúcháin orthu:

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta Ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (i gcoinne 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht
	14,999	6.4%	0%	0	0.00%
15,000	25,999	7.0%	0.6%	417	2.23%
26,000	31,999	7.3%	0.9%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.0%	1.6%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.4%	2.0%	58	0.31%
112,000		8.8%	2.4%	3	0.02%

* Baill ar chonarthaí buana (ar a n-áirítear pairtaimseartha). Ní áirítear ann Scoileanna Deonacha Gramadaí.

D'íocfadh ball an ráta céanna ranníocaíochta ar a thuarastal iomlán .i. d'íocfadh ball a bheadh ag saothrú £30,000, 7.3% den £30,000 in áit 6.4% ar an chéad £15,000, 7% ar an chéad £11,000 eile agus 7.3% ar an £4,000 deiridh. Faoin scéim reatha, d'íocfadh siad 6.4% atá coibhéiseach le ranníocaíocht de £1,920 sa bhliain ach ó 2012 is é 7.3% an ráta ranníocaíochta nua atá coibhéiseach le £2,190 sa bhliain. Leagtar amach in Iarscríbhinn A laghdú táscach ar thuarastal glan (.i. i ndiaidh faoiseamh cánach) do thuarastail éagsúla.

Moltar go socrófar an leibhéal ranníocaíochta ina dtiteann ball ag tagairt dá thuarastal coibhéiseach lánaimseartha, m.sh. d'íocfadh ball a bhfuil patrún oibre de 50% agus tuarastal FTE de £46, 000 (pá fíor £23,000) aige, ranníocaíocht de 8.0% dá dtuarastal i 2012-13. Is é an réasúnaíocht atá leis an chur chuige seo ná gurb é tuarastal iomlán FTE baill a úsáidtear lena theidlíocht pinsin a ríomh agus bheadh sé míchothrom don fhoireann lánaimseartha bail dhifriúil a thabhairt ar fhoireann pháirtaimseartha.

Tá na leibhéil mholta deartha le bheith ag teacht leis an tiomantas le lucht ísealioncaim a chosaint, ag tabhairt ranníocaíochtaí méadaithe isteach ar dhóigh atá forásach agus a laghdaíonn an bhaol atá le himeachtaí. Imíonn bunús na ndaoine a roghnaíonn imeacht as an NITPS taobh istigh de dhá bhliain i ndiaidh dul isteach sa ghairm agus, aon uair amháin a bhíonn múinteoirí ag ranníoc isteach sa scéim ar feadh cúpla bliain, is é is dóiche i bhfad iad fanacht sa scéim ar feadh a ngairmréime.

Mar sin de, tá an Roinn ag moladh gur cheart an tuarastal nár cheart do bhaill níos mó ná 1.5% de mhéadú i bpointí céatadáin a íoc a fhad leis, a leagan amach ag £26,000 in ionad £21,000. Ciallaíonn sé seo go ginearálta, go dtabharfaidh múinteoirí sna chéad trí bliana dá ngairm faoi mhéadú teoranta i ranníocaíochtaí agus tá an Roinn den bharúil go laghdóidh sé seo go mór an bhaol ar rátaí méadaithe imeachta. Bunaithe ar mholtaí na Sasana agus na Breataine Bige, seo a leanas an réasúnaíocht atá leis na leibhéil molta:

Faoi £15, 000 – gan mhéadú. Tá sé seo ag teacht leis na prionsabail a leagadh amach sa cháipéis seo roimhe seo.

£15,000 - £25,999 – is é an méadú sa bhanda seo 0.6 pointe céatadáin. Cosnaíonn an méadú teoranta seo múinteoirí i luathstaid a ngairme agus is é an fheidhm atá leis laghdú ar an bhaol ar imeachtaí méadaithe ón scéim

£26,000 - £31,999 – clúdaíonn an banda seo múinteoirí ranga go ginearálta. Tá an méadú sa ranníocaíocht níos lú ná an meánmhéadú agus tá sé leagtha amach le rannpháirteacht leantach sa scéim a spreagadh, ach tá méadú níos mó ranníocaíochta ag baint leis ná leis na múinteoirí sin i luathstaideanna a ngairme.

£32,000 - £39,999 – baineann an banda seo den chuid is mó le múinteoirí ranga a bhfuil taithí acu agus leo sin atá ag tógáil freagrachtaí breise orthu féin agus, ar an ábhar sin, a fhaigheann tuarstail FTE níos airde. Tá an banda seo go fóill faoin mheánmhéadú.

£40,000 - £74,999 – baineann an banda seo le múinteoirí ranga agus leo sin a bhfuil poist sa bhainistíocht sinsearach acu agus tá an méadú céatadáin ranníocaíochta rud beag os cionn an mheánmhéadaithe le bheith ag teacht leis an leibhéal ioncaim.

£75,000 - £111,999 – clúdaíonn an banda seo baill a bhfuil poist sa bhainistíocht sinsearach acu

£112,000 agus os a chionn – tá réasúnaíocht shoiléir ann gur cheart dóibh sin is mó a shaothraíonn céatadán níos airde dá dtuarastal a íoc, a fhad le méadú de 6 phointe céatadáin (2.4 pointe céatadáin i 2012-13).

RANNÍOCAÍOCHTAÍ SRATHACHA – ROGHANNA AR SHEACHADADH COIGILTÍ SONRAITHE Ó NITPS I 2012-13

D'fhéach muid lena chinntiú, agus méaduithe á gcur i bhfeidhm ar an dóigh seo, nach n-íocfaidh múinteoirí nuacháilithe ach 0.6% níos mó cánach (roimh fhaoiseamh cánach) in 2012-13.

Is mian leis an Roinn fosta a machnamh a dhéanamh ar chomhathruithe ar na rátaí molta a leagadh amach thuas a sholáthraíonn cosaint bhreise do na múinteoirí sin atá ag an cheann íochtarach den scála pá. Tá comhathruithe féideartha leagtha amach i dtáblaí 1-3 thíos. D'fhéadfaí ceann de na comhathruithe thíos a chur in áit

an tábla a bhí mar chuid de na dréachtrialúcháin, ag brath ar thoradh an chomhairliúcháin.

Tábla 1 – Comhathruithe ar mhéaduithe molta ar rátaí ranníocaíochta le soláthar a dhéanamh dóibh sin a n-íoctar níos lú ná £26k leo nach mbeidh méadú i gceist leo agus cosaint pháirteach dóibh sin faoi £32k

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (taobh le 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht
	14,999	6.4%	0.0%	0	0.00%
15,000	25,999	6.4%	0.0%	417	2.23%
26,000	31,999	7.0%	0.6%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.1%	1.7%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.4%	2.0%	58	0.31%
112,000		8.8%	2.4%	3	0.02%

Tábla 2 – Comhathrú ar mhéaduithe molta ar rátaí ranníocaíochta le cosaint pháirteach a sholáthar dóibh sin faoi £26k agus dóibh sin faoi £32k

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (taobh le 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht %
	14,999	6.4%	0.0%	0	0.00%
15,000	25,999	6.7%	0.3%	417	2.23%
26,000	31,999	7.0%	0.6%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.1%	1.7%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.4%	2.0%	58	0.31%
112,000		8.8%	2.4%	3	0.02%

Tábla 3 – Comhathrú ar mhéaduithe molta ar rátaí ranníocaíochta le soláthar a dhéanamh dóibh sin faoi £32k nach mbeidh aon mhéadú ann dóibh. Iad sin a shaothraíonn thar £40k a dhéanfaidh suas an gannchion.

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (taobh le 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht %
	14,999	6.4%	0.0%	0	0.00%
15,000	25,999	6.7%	0.0%	417	2.23%
26,000	31,999	7.0%	0.0%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.2%	1.8%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.6%	2.2%	58	0.31%
112,000		9.0%	2.6%	3	0.02%

* Baill ar chonarthaí buana (lena n-áirítear conarthaí páirtaimseartha). Ní chuirtear Scoileanna Deonacha Gramadaí san áireamh anseo.

Caithfidh an léirshamhail a nglacfar leis don NITPS coigiltí a sheachadadh a bheidh ar a laghad coibhéiseach leis na coigiltí a dhéanfaí dá nglacfaí le léirshamhail Shasana agus na Breataine Bige. Mar sin de, seach-chuirtear cosaint bhreise do bhaill ar thuarastal níos ísle le méaduithe níos mó dóibh sin atá níos faide suas an banda tuarastail.

Ceist 1 – An gcomhlíonann na ranníocaíochtaí srathacha molta an chothromaíocht chuí idir:

- cosaint lucht ísealioncaim;
- bheith forásach – sa chaoi is go n-íocann siad siúd a thuilleann níos mó níos mó; agus
- an bhaol ar mhéaduithe sa ráta imeachtaí ón NITPS a theorannú.

Ceist 1a – Ar cheart dúinn glacadh le moltaí Shasana agus na Breataine Bige nó coigeartú a dhéanamh le cosaint bhreise a sholáthar do mhúinteoirí a n-íoctar níos lú leo i dTÉ a fhad is a bhainfidh siad seo amach an choigilt atáthar a éileamh do 2012-13?

Ceist 1b – (más infheidhmithe) Má dhéanaimid moltaí Shasana agus na Breataine Bige a choigeartú le cosaint bhreise a sholáthar do mhúinteoirí a n-íoctar níos lú leo, cé acu de na comhathruithe (1, 2 nó 3) do rogha féin?

Ceist 2 – An bhfuil aon iarmhairt ar na leibhéil ranníocaíochta molta nár tugadh aghaidh orthu i do bharúil?

Ceist 3 – **An síleann tú go bhfuil aon cheist chomhionannais a mbeidh éifeacht díréireach ag an srathú molta ranníocaíochta ar aon ghrúpaí aonaracha dá bharr seo? Má shileann, cén éifeacht díréireach é, dar leat?**

Impleachtaí Riaracháin le Rátaí Srathacha Ranníocaíochta

Tá an Roinn ag moladh seacht sraith mar go gcreideann siad go gcinnteoidh siad go mbainfear amach na cuspóirí gan ualach díréireach riaracháin a chur ar fhostóirí.

Tá an Roinn i ndiaidh a machnamh a dhéanamh ar dhá dhóigh éagsúla d'fhostóirí leis an ráta tuarasatail ag a ríomhfar ranníocaíochtaí a bhunú;

Rogha 1

Lena chinntiú go dtuigeann baill an dóigh a n-oibríonn rátaí srathacha ranníocaíochta, is é an chéad mholadh go leagfar an ráta ranníocaíochta don bhliain ag tús na bliana, faoi réir ag méaduithe nó laghduithe suntasacha tuarastail, agus go bhfanfadh sé ar feadh 2012-13. Moltar go leagfaí amach ráta ranníocaíochta baill aonaraigh ag úsáid a dtuarastail FTE mar a bheidh ar 1 Aibreán 2012 .i. má bhíonn ball ag saothrú £30,000 ar an dáta sin bheadh a ráta ranníocaíochta cothrom le 7.3% dá dtuarastal fíor gach mí sa bhliain ina dhiaidh sin.

Is é an eisceacht a bheadh leis seo ná má bhíonn méadú nó laghdú suintasach tuarastail i rith nab liana 2012013, san áit ar chuí a ráta ranníocaíochta a athleagan amach le cothrom a chinntiú idir baill ar an tuarastal céanna. Mar sin féin, ní mór don tairseach ag a ndéanfaí athbhreithniú ar ráta ranníocaíochta baill cothromas agus cothrom a chothromú taobh leis an ualach riaracháin. D'fháilteodh an Roinn roimh dhearcthaí ar an tairseach sin.

Dóibh sin a bheas úr sa scéim i 2012-13 nó a fhilleann ar an teagasc i ndiaidh sos gairme, moltar go socrófaí a ráta ranníocaíochta ag tagairt dá dtuarastal FTE ar cheapadh dóibh. Do bhaill a bhfuil iliomad fostaíochtaí acu, moltar go mbeadh ráta ranníocaíochta ag an bhall do gach fostaíocht ar leith, bunaithe ar an tuarastal FTE ar 1 Aibreán 2012. Arís, d'fháilteodh an Roinn roimh dhearcthaí ar an mholadh seo.

Rogha 2

Aithníonn an Roinn go dtarlaíonn ardú pá múinteoirí agus arduithe sa ghairm den chuid is mó i Meán Fómhair agus go dtiocfadh dó nach cuí leibhéal tuarastail FTE ar 1 Aibreán. Is é an rogha eile atá ann íocaíochtaí ranníocaíochta a dhéanamh bunaithe ar an tuarastal sa mhí sin (ar bhonn pro-rata). Roinnt samplaí:

Is é tuarastal FTE múinteora do Lúnasa £2,500 sa mhí. Leis an ranníocaíocht infheidhme a ríomh iolraíonn an fostóir an tuarastal míosúil ar 12 (£2,500 x 12 = £30,000) leis an ráta ranníocaíochta a ríomh, atá sa chás seo ag 7.3%

Dá méadódh tuarastal an mhúinteora sin i Meán Fómhair go £ 2,700 sa mhí, D'oibreodh an fostóir an ráta ranníocaíochta amach (£2,700 x 12 = £32,400) ag 7.6%

Ceist 4 – Soláthraíodh dhá mholadh mhalartacha leis an tuarastal FTE a ríomh leis an ráta ranníocaíochta a shocrú. Cén moladh is fearr a chothromaíonn cothromas, cothrom agus ceisteanna riaracháin? An molfá modh malartach?

Ceist 5 – Maidir le riarachán de, an síleann tú gur cuí seacht leibhéal ó thaobh riaracháin de? Má shíleann tú nach cuí, cad é eile a mholfá ina áit?

Ceist 6 – Má leagtar an ráta ranníocaíochta amach gach bliain, an síleann tú gur chuí athbhreithniú a dhéanamh air seo i gcás athruithe suntasacha tuarastail? Má shíleann tú gur chuí, cad é an tairseach ba cheart a úsáid?

Ceist 7 – An síleann tú go bhfuil moltaí na Roinne maidir le socruithe an ráta ranníocaíochta do bhaill foirne úra, iad sin a bhfuil ioliomad fostaíochtaí acu nó atá ag filleadh ar an scéim, cuí?

4. Scóp an Chomhairliúcháin

Is é an fheidhm ata leis an chomhairliúchán seo dearcthaí agus fianaise a lorg ar cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh moltaí na Roinne isteach na méaduithe ranníocaíochta molta ar dhóigh a chosnaíonn oibrithe ísealioncaim na hearnála poiblí agus a theorannaíonn baol mhéadaithe ar an ráta imeachtaí ón Scéim. Lorgaíonn sé fosta na himpleachtaí riaracháin atá leis na hathruithe molta. Le cúnamh a thabhairt dó seo, tá ceisteanna sonrúla leagtha amach thíos ag an Roinn a bhfáilteodh siad roimh fhreagraí orthu, cé go bhfuil fáilte roimh fhreagraí ar aon ghné de na moltaí ó chomhairlithe.

Soláthraíonn na rialúcháin a rialaíonn an NITPS san am i láthair maidir le socrú ar rátaí ranníocaíochta, i ndiaidh athbhreithniú achtúireach ar an scéim. Socraíonn na socruithe 'teorannaigh agus roinn' an scoilt sna ranníocaíochtaí idir baill agus fostóirí. Tá an t-athbhreithniú achtúireach ar an NITPS chomh maith le hathbhreithnithe cosúla ar scéimeanna pinsin eile san earnáil phoiblí curtha ar feitheamh sna am i láthair agus an Comhrialtas ag déanamh machnaimh ar na himpleachtaí a bhaineann le leasú phinsin na hearnála poiblí. Mar thoradh air seo, fanfaidh an ráta ranníocaíochta fostóra (atá ag 13.6% san am i láthair) mar atá gan athrú i 2012-13 mar gheall ar an moltaí seo.

Mar chuid den bheartas comhairliúcháin seo, tá an Roinn ag foilsiú dréachtrialúchán a dhéanfaidh na hathruithe do Rialúcháin Aoisliúntais Mhúinteoirí (TÉ) 1998 a theastaíonn le heifeacht a thabhairt do na ranníocaíochtaí méadaithe baill ó Aibreán 2012. Tá siad seo ceangailte in Iarscríbhinn B

Tá an Roinn i ndiaidh Scagadh Polasaí ar Chomionannas agus Cearta Daonna a dhéanamh agus chin gan measúnú tionchair ar chomhionannas a dhéanamh. Tá cóip den cháipéis scagtha ceangailte in Iarscríbhinn C.

Ní iarrtar barúlacha ar rataí ranníocaíochta I 2013-14 agus 2014-15 nó is ábhar do phlé eile iad. Agus ní thugann sé aghaidh ar leasuithe níos fadtéarmaí le hábhar agus rialú scéimeanna pinsin na hearnála poiblí a athdhearadh, a bhfuil rún ag an Chomhrialtas é a chur I bhfeidhm ó Aibreán 2015. **Is le méaduithe molta ranníocaíochta I 2012-13 amháin a bhaineann an comhairliúchán seo.**

5. Achoimre ar cheisteanna

D'fháilteodh an Roinn roimh fhreagraí ar na ceisteanna sonrúla seo a leanas, agus tacaíocht fianaise leo nuair is cuí sin:

Ceist 1 – An gcomhlíonann na ranníocaíochtaí srathacha molta an chothromaíocht chuí idir:

- cosaint lucht ísealioncaim;
- bheith forásach – sa chaoi is go n-íocann siad siúd a thuilleann níos mó níos mó; agus
- an bhaol ar mhéaduithe sa ráta imeachtaí ón NITPS a theorannú.

Ceist 2 – An bhfuil aon iarmhairt ar na leibhéil ranníocaíochta molta nár tugadh aghaidh orthu i do bharúil?

Ceist 3 – An síleann tú go bhfuil aon cheist chomhionannais a mbeidh éifeacht díréireach ag an srathú molta ranníocaíochta ar aon ghrúpaí aonaracha dá bharr seo? Má shileann, cén éifeacht díréireach é, dar leat?

Ceist 4 – Soláthraíodh dhá mholadh mhalartacha leis an tuarastal FTE a ríomh leis an ráta ranníocaíochta a shocrú. Cén moladh is fearr a chothromaíonn cothromas, cothrom agus ceisteanna riaracháin? An molfá modh malartach?

Ceist 5 – Maidir le riarachán de, an síleann tú gur cuí seacht leibhéal ó thaobh riaracháin de? Má shíleann tú nach cuí, cad é eile a mholfá ina áit?

Ceist 6 – Má leagtar an ráta ranníocaíochta amach gach bliain, an síleann tú gur chuí athbhreithniú a dhéanamh air seo i gcás athruithe suntasacha tuarastail? Má shíleann tú gur chuí, cad é an tairseach ba cheart a úsáid?

Ceist 7 – An síleann tú go bhfuil moltaí na Roinne maidir le socruithe an ráta ranníocaíochta do bhaill foirne úra, iad sin a bhfuil ioliomad fostaíochtaí acu nó atá ag filleadh ar an scéim, cuí?

6. Tabhairt freagra ar an chomhairliúchán seo

Tá foirm freagra ar fáil le híoslódáil ar láithreán Ghréasáin na RO ag www.deni.gov.uk. Thig cóipeanna den cháipéis chomhairliúcháin agus den fhoirm freagra a chur ar fáil i bhformáidí eile ar iarratas. Ba cheart go gcuirfí freagraí le go sroichfidh siad faoi 23 Eanáir 2012 chuig:

Teacher Negotiating & Pensions Policy Branch
Department of Education
Rathgael House
43 Balloo Road
Rathgill
BANGOR
BT19 7PR

Nó trí r-phost chuig:

TeachersNegotiating.PensionsPolicy@deni.gov.uk

IARSCRÍBHINN A

Tuilleamh bliantúil inphinsin i mbliain ábhartha (£)		Laghdú i bpá glan baill (bliantúil) mar thoradh ar struchtúr ranníocaíochta a thaispeántar sa phríomhthéacs (£)*
Íochtarach	**Uacht.**	**2012-13**
Faoi	15000	0
15000	15999	74
16000	16999	79
17000	17999	84
18000	18999	89
19000	19999	94
20000	20999	98
21000	21999	103
22000	22999	108
23000	23999	113
24000	24999	118
25000	25999	122
26000	26999	191
27000	27999	198
28000	28999	205
29000	29999	212
30000	30999	220
31000	31999	227
32000	32999	312
33000	33999	322
34000	34999	331
35000	35999	341
36000	36999	350
37000	37999	360
38000	38999	370
39000	39999	379
40000	40999	518
41000	41999	531
42000	42999	544
43000	43999	557
44000	44999	570
45000	45999	560
46000	46999	446
47000	47999	456
48000	48999	466
49000	49999	475
50000	50999	485
51000	51999	494
52000	52999	504
53000	53999	514
54000	54999	523
55000	55999	533

56000	56999	542
57000	57999	552
58000	58999	562
59000	59999	571
60000	60999	581
61000	61999	590
62000	62999	600
63000	63999	610
64000	64999	619
65000	65999	629
66000	66999	638
67000	67999	648
68000	68999	658
69000	69999	667
70000	70999	677
71000	71999	686
72000	72999	696
73000	73999	706
74000	74999	715
75000	75999	906
76000	76999	918
77000	77999	930
78000	78999	942
79000	79999	954
80000	80999	966
81000	81999	978
82000	82999	990
83000	83999	1002
84000	84999	1014
85000	85999	1026
86000	86999	1038
87000	87999	1050
88000	88999	1062
89000	89999	1074
90000	90999	1086
91000	91999	1098
92000	92999	1110
93000	93999	1122
94000	94999	1134
95000	95999	1146
96000	96999	1158
97000	97999	1170
98000	98999	1182
99000	99999	1194
100000	100999	1206
101000	101999	1218
102000	102999	1230
103000	103999	1242
104000	104999	1254
105000	105999	1266
106000	106999	1278
107000	107999	1290
108000	108999	1302
109000	109999	1314

110000	110999	1326
111000	111999	1338
112000	112999	1620
113000	113999	1634
114000	114999	1649
115000	115999	1663
116000	116999	1678
117000	117999	1692
118000	118999	1706
119000	119999	1721
120000	120999	1735
121000	121999	1750
122000	122999	1764
123000	123999	1778
124000	124999	1793
125000	125999	1807
126000	126999	1822
127000	127999	1836
128000	128999	1850
129000	129999	1865
130000	130999	1879
131000	131999	1894
132000	132999	1908
133000	133999	1922
134000	134999	1937
135000	135999	1951
136000	136999	1966
137000	137999	1980
138000	138999	1994
139000	139999	2009
140000	140999	2023
141000	141999	2038
142000	142999	2052
143000	143999	2066
144000	144999	2081
145000	145999	2095
146000	146999	2110
147000	147999	2124
148000	148999	2138
149000	149999	2153
150000	150999	2167

*neas-mheastachán ar thuarastail i ngach banda

Tá an ríomh bunaithe ar bhandaí cáin ioncaim 2011-12 (agus dóibh sin a bhfuil tuarastail os cionn £46k acu, léiríonn an tábla áit na ndaoine sin atá i dteideal faoiseamh cánach ag 40%.